
# Tuarascáil Riosca Oifige – Samhain 2022

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha ar an Idirlíon gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar 'theasléaráid déine' riosca. Is iad sin na rioscaí 'iarmharacha', agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar 'ard' tugtha sa roinn 'conclúidí'.




| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | Impleachtaí don Oifig mar thoradh ar fhorálacha ábhartha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh |
| 2 | D'fhéadfadh nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht reatha foirne |
| 3 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| 4 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| 5 | D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí agus scrúduithe a éascú |
| 6 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| 7 | Mainneachtain oibleagáidí seachtracha a chomhlíonadh maidir le gníomhú ar son na haeráide |
| 8 | D'fhéadfadh páirtithe leasmhara a mheas nach leor spriocanna deimhniúcháin agus leibhéal an aschuir tuairiscithe |
| 9 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair chumaisc agus riachtanais níos casta |
| 10 | Níl buiséid agus leithdháiltí acmhainní ailínithe go leordhóthanach le rioscaí iniúchóireachta |

## Conclúidí ó RMC

Ní mheasann RMC go bhfuil aon rioscaí iarmharacha ardrátáilte ann faoi láthair. Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca agus bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí na Samhna 2022 gurb amhlaidh go fóill a bhaineann na trí riosca iarmharacha is mó atá roimh an Oifig le himpleachtaí na bhforálacha ábhartha sa reachtaíocht atá ar feitheamh, le hacmhainneacht foirne a uasmhéadú agus le saincheisteanna cosanta sonraí.